2026/2051

14.9.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2051 ÓN gCOIMISIÚN

an 11 Meán Fómhair 2026

lena ndeonaítear údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'Hydrogen peroxide product family_P & G' i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 44(5), an chéad fhomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 24 Eanáir 2017, chuir Procter & Gamble Services Company NV iarratas faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán ('an Ghníomhaireacht') i gcomhréir le hAirteagal 43(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 agus le hAirteagal 4 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 414/2013 ón gCoimisiún ([2]) ar údarú Aontais le haghaidh na fine céanna táirgí bithicídeacha, dá dtagraítear in Airteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 414/2013, ar a dtugtar 'Hydrogen peroxide product family_P & G', de chineál táirge 2, mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Rinneadh taifead den iarratas faoi chás-uimhir BC-QQ029200-35 sa Chlár do Tháirgí Bithicídeacha. Tagraíodh san iarratas don fhine táirgí bithicídeacha 'Hydrogen peroxide product family' a údaraíodh níos déanaí le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/158 ón gCoimisiún ([3]), ag a bhfuil an uimhir údaraithe EU-0031657-0000.

(2) Is í sárocsaíd hidrigine an tsubstaint ghníomhach atá san fhine táirgí bithicídeacha 'Hydrogen peroxide product family_P & G', ar substaint í atá i liosta an Aontais de shubstaintí gníomhacha formheasta dá dtagraítear in Airteagal 9(2) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 i gcás chineál táirge 2.

(3) An 6 Márta 2024 chuir an Ghníomhaireacht an tuairim uaithi ([4])faoi bhráid an Choimisiúin, sin agus an dréacht-achoimre ar shaintréithe táirge le haghaidh 'Hydrogen peroxide product family_P & G' i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 414/2013.

(4) Sa tuairim uaithi, tagann an Ghníomhaireacht ar an gconclúid nach bhfuil sna difríochtaí atá beartaithe idir an fhine táirgí bithicídeacha 'Hydrogen peroxide product family_P & G' agus an fhine táirgí bithicídeacha thagartha ghaolmhar 'Hydrogen peroxide product family' ach faisnéis a d'fhéadfadh a bheith faoi réir athrú riaracháin i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013 ón gCoimisiún ([5]), agus ar bhonn an mheasúnaithe ar an bhfine táirgí bithicídeacha thagartha ghaolmhar 'Hydrogen peroxide product family' agus faoi réir chomhlíonadh na dréacht-achoimre ar shaintréithe táirge, go gcomhlíonann an fhine chéanna táirgí bithicídeacha 'Hydrogen peroxide product family_P & G na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 19(6) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/528/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 414/2013 ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2013 lena sonraítear nós imeachta maidir le húdarú na dtáirgí bithicídeacha céanna i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 125, 7.5.2013, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2013/414/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/158 ón gCoimisiún an 23 Eanáir 2026 lena ndeonaítear údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha Hydrogen peroxide product family i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. IO L, 2026/158, 26.1.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/158/oj).

([4]) Tuairim ón nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán an 6 Márta 2024 maidir le húdarú Aontais na fine céanna táirgí bithicídeacha 'Hydrogen peroxide product family_P & G' UBP-C-1716651-14-00/F https://echa.europa.eu/fr/opinions-on-applications-for-union-authorisation.

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013 ón gCoimisiún an 18 Aibreán 2013 maidir le hathruithe táirgí bithicídeacha arna n-údarú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 109, 19.4.2013, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2013/354/oj).

(5) Tar éis údarú na fine táirgí bithicídeacha tagartha 'Hydrogen peroxide product family' an 23 Eanáir 2026, rinne an Ghníomhaireacht an dréacht-achoimre ar shaintréithe táirge le haghaidh na fine céanna táirgí bithicídeacha 'Hydrogen peroxide product family_P & G' a tharchur chuig an gCoimisiún i dteangacha oifigiúla uile an Aontais an 5 Márta 2026, i gcomhréir le hAirteagal 44(4) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(6) Comhaontaíonn an Coimisiún leis an tuairim ón nGníomhaireacht agus measann sé, dá bhrí sin, gurb iomchuí údarú Aontais a dheonú le haghaidh na fine céanna táirgí bithicídeacha 'Hydrogen peroxide product family_P & G'.

(7) Ba cheart dáta éaga an údaraithe a bheith ailínithe le dáta éaga údarú na fine táirgí bithicídeacha tagartha gaolmhaire 'Hydrogen peroxide product family'.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, deonaítear údarú Aontais ag a bhfuil an uimhir údaraithe EU-0032408-0000 do Procter & Gamble Services Company NV chun an fhine chéanna táirgí bithicídeacha 'Hydrogen peroxide product family_P & G' a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid i gcomhréir leis an achoimre ar shaintréithe an táirge a leagtar amach san Iarscríbhinn.

Tá an t-údarú Aontais bailí ón 4 Deireadh Fómhair 2026 go dtí an 31 Eanáir 2036.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Meán Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

ACHOIMRE AR SHAINTRÉITHE AN TÁIRGE LE hAGHAIDH TACAR TÁIRGÍ BITHICÍDEACHA

Hydrogen peroxide product family_P & G

Cineál nó cineálacha táirge

PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe

Uimhir an údaraithe EU-0032408-0000

Uimhir sócmhainne R4BP EU-0032408-0000

CUID I.

AN CHÉAD LEIBHÉAL FAISNÉISE

1. FAISNÉIS RIARACHÁIN

1.1. **Ainm an tacair**

Ainm	Hydrogen peroxide product family_P & G

1.2. **Cineál nó cineálacha táirge**

Cineál nó cineálacha táirge	PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe

1.3. **Sealbhóir an údaraithe**

Ainm agus seoladh shealbhóir an údaraithe	Ainm	Procter & Gamble Services Company NV
	Seoladh	Temselaan 100 1853 Brussels BE
Uimhir an údaraithe	EU-0032408-0000	
Uimhir sócmhainne R4BP	EU-0032408-0000	
Dáta an údaraithe	4.10.2026	
Dáta éaga an údaraithe	31.1.2036	

1.4. **Monaróir/monaróirí an táirge**

Ainm an mhonaróra	MPD plus, s.r.o.
Seoladh an mhonaróra	Nábřeží Dr. Beneše 2307 269 01 Rakovník An tSeicia
Suíomh na láithreán monaraíochta	MPD plus, s.r.o. site 1 Nábřeží Dr. Beneše 2307 269 01 Rakovník An tSeicia

1.5. **Monaróir/monaróirí na substainte gníomhaí nó na substaintí gníomhacha**

Substaint ghníomhach	Sárocsaíd hidrigine
Ainm an mhonaróra	Arkema France
Seoladh an mhonaróra	420 rue d'Estienne d'Orves 92705 Colombes Cedex An Fhrainc
Suíomh na láithreán monaraíochta	Arkema France site 1 Route National 85 BP1 38560 Jarrie An Fhrainc Arkema France site 2 Am Haupttor, Bau 2410 06237 Leuna An Ghearmáin

2. COMHDHÉANAMH AGUS FOIRMLIÚ AN TACAIR TÁIRGÍ

2.1. **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh an tacair**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Sárocsaíd hidrigine		Substaint ghníomhach	7722-84-1	231-765-0	19,95 - 19,95 % (w/w)

2.2. **Cineál/cineálacha foirmlithe**

Cineál nó cineálacha foirmlithe	SL Tiúchán intuaslagtha

CUID II.

AN DARA LEIBHÉAL FAISNÉISE MEITEA-SPC(ANNA)

1. MEITEA-SPC 1 FAISNÉIS RIARACHÁIN

1.1. **MEITEA-SPC 1 aitheantóir**

Aitheantóir	Meitea-SPC: Meitea-SPC 4

1.2. **Iarmhír na huimhreach údaraithe**

Uimhir	1-1

1.3. **Cineál nó cineálacha táirge**

Cineál nó cineálacha táirge	PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe

2. COMHDHÉANAMH META SPC 1

2.1. **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh meitea-SPC 1**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Sárocsaíd hidrigine		Substaint ghníomhach	7722-84-1	231-765-0	19,95 - 19,95 % (w/w)

2.2. **Cineál/cineálacha foirmlithe meitea-SPC 1**

Cineál nó cineálacha foirmlithe	SL Tiúchán intuaslagtha

3. RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM MEITEA-SPC 1

Ráitis ghuaise	H272: D'fhéadfadh sé cur le tine; ocsaídeoir. H314: Ina chúis le dónna tromchúiseacha craicinn agus le damáiste don tsúil.
Ráitis réamhchúraim	P303+P361+P353: I gCÁS TEAGMHÁIL LEIS AN gCRAICEANN (nó le gruaig): Bain díot láithreach na héadaí éillithe go léir. Sruthlaítear an craiceann le huisce [nó glac cithfholcadh]. P310: Cuir glao láithreach ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir. P305+P351+P338: I gCÁS TEAGMHÁIL LEIS NA SÚILE: Sruthlaítear go faichilleach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Bain amach lionsaí tadhaill, má tá siad á gcaitheamh agus más féidir iad a bhaint amach go héasca. Lean leis an sruthlú. P310: Cuir glao láithreach ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir. P210: Coimeád ó theas, dromchlaí te, splancacha, lasair gan chosaint agus foinsí eile adhainte. Ná caitear tobac. P220: Coimeád glan ar éadaí agus ar ábhair indóite eile. P370+P378: I gcás dóiteáin: Úsáid uisce le haghaidh múchta. P234: Coimeád i bpacáistiú bunaidh amháin. P280: Caith lámhainní cosanta/éadaí cosanta/cosaint súile/cosaint aghaidhe. P390: Ionsúigh doirteadh chun damáiste d'ábhar a chosc. P363: Nigh éadaí éillithe sula ndéanfar iad a athúsáid.

4. ÚSÁID/ÚSÁIDÍ ÚDARAITHE MEITEA-SPC

4.1. **Tuairisc úsáide**

Tábla 1.

Dífhabhtán neachtlainne in achair nach achair cúraim leighis iad, SL

An cineál táirge	PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	/
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil

Réimse (nó réimsí) úsáide	úsáid laistigh Dífhabhtán neachtlainne (príomhníochán) in achair nach achair cúraim leighis iad
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Córas iata: meaisín níocháin Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Dáil an táirge neamhchaolaithe isteach (le caidéal uathoibrithe dáilte) sa mheaisín níocháin (príomhníochán) in éineacht leis an teanndáileog alcaileachta P & G Professional Ariel S7 SC Alca Extra agus glantach leachtach P & G Professional Ariel S1 Actilift Detergent. Nigh ag teocht 60 °C nó os a chionn sin.
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: Am teagmhála: 15 nóiméad. Cóimheas teicstíl le leacht: 5 l in aghaidh 1 kg teicstíl Ráta caolaithe (%): 2.25 ml de tháirge in aghaidh lítir uisce (ag comhfhreagairt do 0.45 ml H2O2 in aghaidh lítir uisce), in éineacht le 2 ml in aghaidh lítir de ghlantach leachtach P & G Professional Ariel S1 Actilift Detergent agus 0.715 ml in aghaidh lítir P & G Professional Ariel S7 SC Alca Extra Airí uainithe: Dáil an táirge neamhchaolaithe isteach (le caidéal uathoibrithe dáilte) sa mheaisín níocháin (príomhníochán) in éineacht leis an teanndáileog alcaileachta P & G Professional Ariel S7 SC Alca Extra agus glantach leachtach P & G Professional Ariel S1 Actilift Detergent. Nigh ag teocht 60 °C nó os a chionn sin. **Baictéir agus giostaí:** 2.25 ml de tháirge in aghaidh lítir uisce (ag comhfhreagairt do 0.45 ml H2O2 in aghaidh lítir uisce), in éineacht le 2 ml in aghaidh lítir de ghlantach leachtach P & G Professional Ariel S1 Actilift Detergent agus 0.715 ml in aghaidh lítir P & G Professional Ariel S7 SC Alca Extra 15 nóiméad Minicíocht úsáide: suas le 10 n-uaire sa lá
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	Coimeádáin 10 lítear, 20 lítear agus 60 lítear Poileitéin Ard-dlúis (HDPE)

4.1.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáid

4.1.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáid

4.1.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáid

4.1.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáid

4.1.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáid

5. TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE MAIDIR LE MEITEA-SPC 1

5.1. **Treoracha úsáide**

I gcomhair úsáide gairmiúla amháin.

Dáil an táirge íon isteach (le caidéal uathoibrithe dáilte) sa mheaisín níocháin in éineacht leis an teanndáileog alcaileachta (P & G Professional Ariel S7 SC Alca Extra) agus glantach leachtach (P & G Professional Ariel S1 Actilift Detergent) sa phríomhníochán. Nigh ag teocht 60 °C nó os a chionn sin.

Dáileadh: in aghaidh lítir uisce, cuir 2.25 ml de tháirge (ag comhfhreagairt do 0.45 ml H2O2 in aghaidh lítir uisce), 2 ml de ghlantach leachtach P & G Professional Ariel S1 Actilift Detergent agus 0.715 ml P & G Professional Ariel S7 SC Alca Extra.

Am teagmhála: 15 nóiméad

Cóimheas teicstíl le leacht: 5 l in aghaidh 1 kg teicstíl

5.2. **Bearta maolaithe riosca**

Coimeád as aimsiú leanaí.

Le linn don táirge bheith á lódáil isteach sa chaidéal uathoibrithe dáilte: Caith lámhainní cosanta atá rangaithe faoi EN 374 nó a choibhéis agus spéaclaí cosanta atá i gcomhréir le EN ISO 16321 nó a choibhéis.

Tá na tagairtí iomlána do na caighdeáin EN le fáil Rannán 6.

Tá sé seo gan dochar do chur i bhfeidhm Threoir 98/24/CE ón gComhairle agus reachtaíochta eile de chuid an Aontais i réimse na sláinte agus na sábháilteachta ar láthair na hoibre. Féach rannán 6 chun an tagairt iomlán don bhforáil dlí seo a fháil.

Nigh do lámha tar éis a láimhsithe.

5.3. **Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint**

Bearta garchabhrach:

MÁ IONANÁLAÍTEAR: Tabhair amach faoin aer agus coimeád socair i suíomh atá compordach d'análú. Má tá comhartha sóirt ann: Cuir glaoch ar 112 nó ar otharcharr chun cúnamh leighis a fháil. Mura bhfuil comharthaí sóirt ann: Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

MÁ SHLOGTAR: Sruthlaigh béal láithreach. Tabhair rud éigin le hól, má tá an duine arna nochtadh in ann slogadh. NÁ spreagtar urlacan. Cuir glaoch ar 112 nó ar otharcharr chun cúnamh leighis a fháil.

I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS AN gCRAICEANN: Nigh craiceann láithreach le neart uisce. Ina dhiaidh sin, bain díot aon éadaí éillithe agus nigh iad sula n-úsáidfidh tú iad arís. Lean ort ag nigh an chraicinn le huisce ar feadh 15 nóiméad. Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS NA SÚILE: Sruthlaigh láithreach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Tóg amach na tadhall-lionsaí, más ann dóibh agus más furasta é sin a dhéanamh. Lean ag sruthlú ar feadh 15 nóiméad ar a laghad. Cuir glaoch ar 112 nó ar otharcharr chun cúnamh leighis a fháil.

Réamhchúraimí timpeallachta:

Ná lig don táirge rith chomh fada le córais camrais ná le dobharlaigh.

Caolaigh doirteadh le mórán uisce.

5.4. **Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte**

Diúscair an t-ábhar seo agus an coimeádán atá ag gabháil leis ag pointe bailithe dramhaíola guaisí nó speisialta. Ná diúscair in éineacht le dramhaíl tí. Ná lig don táirge rith chomh fada le córas camrais. Ba cheart diúscairt de réir Rialúcháin an Údaráis Áitiúil.

5.5. **Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála**

Stóráil in áit thirim, dorcha, dea-aeráilte. Cosnaítear ón tsioc é. Stóráil i dteocht faoi bhun 30 °C. Cosain ó sholas díreach na gréine. Coimeád an coimeádán dúnta go docht. Ná coinnítear é ach sa phacáistiú bunaidh. 24 mí an tseilfré.

6. FAISNÉIS EILE

Is iad seo a leanas teidil iomlána na gcaighdeán EN dá dtagraítear in alt 5.2 'Bearta maolaithe riosca':

EN 374 - Lámhainní cosanta in aghaidh ceimiceán agus miocrorgánach contúirteach:

EN ISO 16321 – Cosaint súl agus aghaidhe le haghaidh úsáid ceirde

Treoir 98/24/CE ón gComhairle an 7 Aibreán 1998 maidir le sláinte agus sábháilteacht oibrithe a chosaint ó phriacail a bhaineann le hoibreáin cheimiceacha ar an láthair oibre (an ceathrú Treoir déag aonair de réir bhrí Airteagal 16(1) Threoir 89/391/CEE) (IO L 131, 5.5.1998, lch. 11).

7. AN TRÍÚ LEIBHÉAL FAISNÉISE: TÁIRGÍ AONAIR I MEITEA-SPC 1

7.1. **Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrach gach táirge aonair**

Trádainm/trádainmneacha	Ariel Professional S8 SC Quitamanchas HydrOxi	
	Ariel Professional S8 SC HydrOxi Folteltávolító	
	Ariel Professional S8 Odplamiacz SC Hyrdoxi	
	Ariel Professional S8 SC HydrOxi Vlekverwijdera-ar	
	Ariel Professional S8 SC Smacchiatore Hydroxi	
	Ariel Professional S8 Aditiv SC HydrOxi (Hydroxi Stainbuster)	
	Ariel Professional S8 SC Détachant HydrOxi	
	Ariel Professional S8 SC HydrOxi Stainbuster	

			Ariel Professional S8 SC Détachant HydrOxi / SC HydrOxi Vlekverwijderaar / SC HydrOxi Fleckentferner		
			Ariel Professional S8 SC HydrOxi Fleckentferner		
			SC HydrOxi Stainbuster		
Uimhir an údaraithe			EU-0032408-0001 1-1		
Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Sárocsaíd hidrigine		Substaint ghníomhach	7722-84-1	231-765-0	19,95 % (w/w)